COMHAR CHUIGÉAL TEORANTA

Oifigeach Turasóireachta

Tá post mar Oifigeach Turasóireachta, a mhairfidh suas le dhá bhliain á thairiscint ag Comhar Chuigéal Teoranta d'iarrthóirí a bhfuil líofacht sa nGaeilge acu. Tá tacaíocht chun an post seo a chruthú á cur ar fáil ag Údarás na Gaeltachta mar chuid dá bPlean Turasóireachta chun tograí Straitéiseacha Turasóireachta a fhorbairt ar fud na Gaeltachta. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in oifigí Chomhar Chuigéal Teoranta i Leitir Mealláin. I measc na gcúramaí a bheidh air/uirthi, beidh sé/sí ag obair chun Ionad Turasóireachta Oileanrá Chonamara a oscailt agus a chur chun cinn. Chomh maith leis sin beifear ag obair leis an bpobal agus leis an earnáil gnó sa gceantar chun *Plean Turasóireachta Oileánra Chonamara* 2018 a chur i bhfeidhm.

Beidh an té a cheapfar páirteach i ngréasán foghlama de thograí straitéiseacha turasóireachta sa nGaeltacht.

Duine cumasach le cáilíocht ábhartha 3ú leibhéal agus le taithí san earnáil turasóireachta, margaíochta, bainistithe tograí nó forbartha pobail atá de dhíth.

Ní mór d'iarrthóirí ardchaighdeán i scríobh agus i labhairt na Gaeilge a bheith acu chomh maith le scileanna ríomhaireachta, riaracháin, margaíochta agus eagrúcháin.

Íocfar tuarastal €28,000 sa mbliain leis an té a cheapfar. Is féidir sonraí an phoist a fháil trí ríomhphost a sheoladh chuig postcuigeal@gmail.com.

Seol iarratas mar aon le Curriculum Vitae, roimh meán lae (12.00) ar an Aoine, 29ú Márta 2019 chuig: Post f/c Comhar Chuigéal Teo, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe nó chuig postcuigeal@gmail.com

Is fostóir comhdheiseanna é Comhar Chuigéal Teoranta agus is í an Ghaeilge an teanga oibre.

Údarás na Gaeltachta